# 20 Fáltais ó Cháin Chorparáide

**20.1** Cáin dhíreach is ea an cháin chorparáide atá iníoctha ar bhrabús cuideachta agus is é na Coimisinéirí Ioncaim a bhailíonn í. Seachas i gcás eisceachtaí áirithe, gearrtar an cháin ar an mbrabús (ioncam agus gnóthachain), más ann, a dhéanann cuideachtaí atá cónaitheach sa Stát. Tá cuideachtaí nach bhfuil cónaitheach ach a thrádálann sa Stát trí chraobh nó trí ghníomhaireacht faoi réir cáin chorparáide i leith an brabús atá inchurtha i leith na craoibhe nó na gníomhaireachta.[1]

**20.2** Gearrtar ráta reachtúil 12.5% ar bhrabús trádála cuideachtaí atá ag feidhmiú in Éirinn. Tá feidhm ag ráta 25% ar ioncam ó chíos, ar ioncam ó dhéileálacha áirithe talún agus ó shaothrú ola, gáis agus mianraí, agus ar bhrabús ó ioncam neamhthrádála (éighníomhach) amhail ioncam infheistíochta. Tá gnóthachain chaipitil áirithe incháinithe ar ráta 33%.[2]


**20.3** Bhí na fáltais ón gcáin chorparáide taobh thiar de 15% d'iomlán na bhfáltas ó cháin in 2016.

**20.4** Tá na fáltais ón gcáin chorparáide thuas seal, thíos seal le blianta beaga anuas. Tugadh faoin scrúdú seo le hathbhreithniú a dhéanamh ar na fachtóirí a bhí taobh thiar den luaineacht sin ar an leibhéal earnála agus ar an leibhéal náisiúnta.

## Treochtaí sna fáltais ón gcáin chorparáide

**20.5** Tá léirithe i bhFíor 20.1 na glanfháltais ón gcáin chorparáide sa tréimhse 2006 go 2016.

**Fíor 20.1 Glanfháltais ón gcáin chorparáide, 2006 go 2016[a]**




Foinse: Na Coimisinéirí Ioncaim

Nóta: a Is éard atá sna glanfháltais ón gcáin chorparáide ná na hollfháltais ón gcáin chorparáide lúide aisíocaíochtaí cánach corparáide sa bhliain.

1 Meastar go bhfuil cuideachtaí arna n-ionchorprú in Éirinn cónaitheach chun críocha cánach ach amháin má tá siad cónaitheach i dtír chomhpháirtithe chonartha de bhua conartha um chánachas dúbailte. Cónaitheach in Éirinn chun críocha cánach a bheidh cuideachta arna hionchorprú i dtír iasachta ach atá lárbhainistithe agus lár-rialaithe in Éirinn.


2 Is féidir le cuideachta gnóthachan caipitil a dhéanamh as sócmhainn a dhíol nó a aistriú. Tá cáin chorparáide iníoctha ar ghnóthachan caipitil a dhéanann cuideachta (seachas gnóthachan ar thalamh forbraíochta atá faoi réir cáin gnóthachan caipitil).

**20.6** Ba é €3.5 billiún san iomlán na fáltais ón gcáin chorparáide in 2011. Sháraigh an €6.9 billiún d'fháltais ón gcáin chorparáide in 2015 an bhuaic roimh an gcúlú eacnamaíochta (€6.7 billiún in 2006) den chéad uair. Bliain thar na bearta ba ea 2015 sa chaoi gur tháinig méadú 49% ar an bhfigiúr. Bailíodh €7.35 billiún in 2016, an méid is mó a bailíodh i gcáin chorparáide riamh. Is é €7.7 billiún an réamhaisnéis don bhliain 2017 agus, dá mbainfí amach é, b'ionann é agus méadú 5% ar na fáltais a fuarthas in 2016.

**20.7** Ba í an cháin chorparáide an tríú fáltas ba mhó in 2015, agus bhí sí taobh thiar de 15% d'iomlán na bhfáltas ó cháin sa bhliain sin. Is féidir é sin a chur i gcomparáid leis na fáltais ón gcáin chorparáide in 2011, tráth nach raibh siad taobh thiar ach de 10% d'iomlán na bhfáltas ó cháin (féach Fíor 20.2).

**20.8** Bhí na fáltais ón gcáin chorparáide in Éirinn mar chéatadán d'iomlán na bhfáltas ó cháin an seachtú ab airde i measc na 28 ballstát den AE in 2014 agus an séú ab airde i measc thíortha ECFE in 2015.[1,2] Le himeacht na tréimhse ó 2011 go 2015, tá na fáltais ón gcáin chorparáide mar chéatadán den OTI méadaithe ó 2.2% go 2.7%. I ngach ceann de na blianta sin, bhí na fáltais ón gcáin chorparáide in Éirinn mar chéatadán den OTI laistigh de thrí cheathrú de aon phointe céatadáin amháin ó mheán an ECFE cé go raibh ráta cánach corparáide na hÉireann ar an gceann ba lú san ECFE le himeacht na tréimhse céanna.[3]

**Fíor 20.2 Fáltais ón gcáin chorparáide mar chéatadán d'iomlán na bhfáltas ó cháin agus mar chéatadán de OTI, 2011 go 2015**




Foinse: Na Coimisinéirí Ioncaim agus staitisticí ioncaim na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta. Anailís ar fháltais ón gcáin chorparáide mar chéatadán d'iomlán na bhfáltas ón gcáin arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nóta: a Tá na figiúirí a bhaineann le fáltais ó cháin ar ghlanbhonn — na hollfháltais ó cháin lúide na haisíocaíochtaí cánach sa bhliain.

1 *Taxation Trends in the European Union*, eagrán 2016, Ard-Stiúrthóireacht an Chánachais agus an Aontais Chustaim.

2 https://stats.oecd.org. I gcás 2015, ní raibh sonraí ar fáil ach le haghaidh 30 de na 35 tír.


3 D'fhoilsigh an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta rátaí inar cuireadh cáin ioncaim agus cáin chorparáide le chéile.

### *Dlús na cánach corparáide*

**20.9** Tá feidhm ag an gcáin chorparáide ar bhonn leathan cuideachtaí in Éirinn. In 2016, d'íoc breis is 44,000 cáiníocóir cáin chorparáide, ach tháinig an chuid ba mhó de na fáltais ó líon beag cáiníocóirí, fiontair ilnáisiúnta (FIN) a bhformhór.[1] D'íoc an 10 cáiníocóirí ba mhó 37% de na fáltais ón gcáin chorparáide in 2016, agus d'íoc na 100 cáiníocóir ba mhó 70% díobh (féach Fíor 20.3).[2] Mar chomparáid, d'íoc 7,000 cuideachta sa Ríocht Aontaithe − beagáinín ní ba lú ná 1% de na cuideachtaí uile a íocann cáin chorparáide − 54% d'iomlán na cánach corparáide a bailíodh in 2015-16.[3]

**20.10** Tá curtha in iúl ag an Roinn Airgeadais gur riosca í an chaoi a bhfuiltear ag brath ar líon beag íocóirí cánach corparáide agus go gcaithfear an riosca sin a bhainistiú go cúramach amach anseo.[4]

**Fíor 20.3 Dlús na bhfáltas ón gcáin chorparáide, 2011 agus 2016[a]**




Foinse: Na Coimisinéirí Ioncaim

Nóta: a Is éard atá sna céatadáin ná na glanfháltais ón gcáin chorparáide do gach bliain.

### *Treochtaí earnála sna fáltais ón gcáin chorparáide*

**20.11** Tá léirithe i bhFíor 20.4 na fáltais ón gcáin chorparáide de réir cód NACE (earnáil gníomhaíochta) le himeacht na tréimhse 2011 go 2016.[5]

1 *An analysis of 2015 corporation tax returns and 2016 payments,* na Coimisinéirí Ioncaim, Aibreán 2017.


2 Bogfaidh cáiníocóirí aonair isteach sa 10 is mó agus sa 100 is mó agus amach astu le himeacht ama.

3 *Corporation Tax Statistics 2017* — Ioncam agus Custam na Banríona.

4 *Economic Impact Assessment of Ireland's Corporation Tax Policy: Summary Research Findings and Policy Conclusions*, Deireadh Fómhair 2014, an Roinn Airgeadais.

5 Rangú staitistiúil gníomhaíochtaí eacnamaíocha a forbraíodh san AE is ea NACE.

**Fíor 20.4 Treochtaí sna fáltais ón gcáin chorparáide de réir earnáil gníomhaíochta, 2011 go 2016**




Foinse: Na Coimisinéirí Ioncaim

Nótaí:


a Tá an rangú bunaithe ar na sonraí ó 2016.

b Tá an déantúsaíocht chógaisíochta san áireamh san earnáil déantúsaíochta go ginearálta. Asbhaineadh na sonraí maidir leis na cóid NACE a bhaineann leis an déantúsaíocht chógaisíochta, áfach, agus tá siad léirithe go leithleach i gcás na hanailíse thuas.

c I measc na ngníomhaíochtaí agus na n-earnálacha eile atá ann tá riarachán poiblí agus cosaint; oideachas; sláinte dhaonna agus gníomhaíochtaí oibre sóisialta; agus gníomhaíochtaí agus earnálacha eile.

**20.12** Baineann 70% d'iomlán na bhfáltas ó cháin chorparáide le trí chatagóir earnála. Is iad na catagóirí sin ná gníomhaíochtaí airgeadais agus árachais; déantúsaíocht (lena n-áirítear déantúsaíocht chógaisíochta); agus faisnéis agus cumarsáid. Baineann formhór na dtrí earnáil sin le fiontair ilnáisiúnta. Nuair a bhreathnaítear ar an earnáil mórdhíoltóireachta agus miondíoltóireachta chomh maith leis na trí earnáil sin, tháinig 84% d'iomlán na bhfáltas ón gcáin chorparáide in 2016 ó cheithre earnáil den gheilleagar (féach Fíor 20.5 thíos).

**Fíor 20.5 Fáltais ón gcáin chorparáide de réir earnála, 2016**




Foinse: Na Coimisinéirí Ioncaim

Nótaí:

a Tá an déantúsaíocht chógaisíochta i gceist le 76% de na fáltais ón gcáin chorparáide ón earnáil déantúsaíochta.

b I measc na ngníomhaíochtaí agus na n-earnálacha eile atá ann tá riarachán poiblí agus cosaint; oideachas; sláinte dhaonna agus gníomhaíochtaí oibre sóisialta; ealaíona, siamsaíocht agus áineas; talmhaíocht, foraoiseacht agus iascaireacht; mianadóireacht agus fóntais; agus gníomhaíochtaí agus earnálacha eile.


## Fáltais ón gcáin chorparáide a réamhaisnéisiú

**20.13** Tá buntábhacht ag baint leis an ioncam ó cháin a réamhaisnéisiú go cruinn ó thaobh buiséadú earnála poiblí de. Is í an Roinn Airgeadais atá freagrach as réamhaisnéisí cánach a ríomh agus a fhoilsiú gach bliain, rud a thugtar faoi i gcomhar leis na Coimisinéirí Ioncaim. Is deacair an rud é fáltais ó cháin chorparáide a réamhaisnéisiú. Tá sé níos deacra fós iad a réamhaisnéisiú i gcás gheilleagar na hÉireann toisc go dtagann roinnt mhaith de na fáltais ó líon beag cáiníocóirí agus go mbraitear ar fhiontair ilnáisiúnta. Fágann sé sin go bhfuil an geilleagar neamhchosanta ar fhachtóirí amhail athruithe ar struchtúir ghrúpa, luaineacht airgeadra agus turraingí margaidh.

**20.14** Tá leagtha amach i bhFíor 20.6 réamhaisnéisí cánach corparáide i gcomparáid leis na glanfháltais don tréimhse 2010 go 2016. Is léir go raibh na fáltais thuas seal, thíos seal le linn na tréimhse seo. Bhí na fáltais ón gcáin chorparáide 13% faoi bhun na réamhaisnéise sa bhliain 2011. Fuarthas beagnach 5% ní ba mhó ná an réamhaisnéis sa bhliain ina dhiaidh sin. Bhí na fáltais ón gcáin chorparáide 50% ní b’airde in 2015 ná a bhí súil leis. Bhí na fáltais in 2016 11% ní b’airde ná an réamhaisnéis.

**20.15** Úsáideann an Roinn Airgeadais an t-ollbharrachas oibriúcháin (ó na Cuntais Náisiúnta) chomh maith le faisnéis a thagann ó Rannóg Cásanna Móra na gCoimisinéirí Ioncaim le cáin chorparáide a réamhaisnéisiú. In 2016, rinne Comhairle Fhioscach Chomhairleach na hÉireann tástáil ar roinnt roghanna eile ar chur chuige na Roinne agus shocraigh go raibh an chuma ar an scéal go bhfuil an OTI ainmniúil ina réamhtháscaire beagáinín níos fearr le haghaidh fáltas.[1,2]

**Fíor 20.6 Fáltais ón gcáin chorparáide i gcomparáid le réamhaisnéisí, 2010 go 2016**




Foinse: Na Coimisinéirí Ioncaim (glanfháltais ón gcáin chorparáide) agus próifílí cánach na Roinne Airgeadais, 2011 go 2016.

1 *Challenges forecasting Irish corporation tax*: Comhairle Fhioscach Chomhairleach na hÉireann – Meán Fómhair 2016.

2 Úsáideann an Roinn Airgeadais an OTI ainmniúil mar réamhtháscaire tánaisteach i leith fáltas ón gcáin chorparáide.


## Creidmheasa agus faoisimh

**20.16** Tá san áireamh i gcód na cánach corparáide roinnt caiteachais ar faoisimh cánach agus creidmheasanna cánach iad, lena laghdaítear dliteanas cánach cuideachta, más infheidhme. Is iondúil go mbíonn a leithéid d'fhaoisimh agus creidmheasanna ceaptha trí thagairt do chuspóirí beartais áirithe. Tá léirithe i bhFíor 20.7 na creidmheasanna agus na faoisimh chánach a bhaineann leis an gcáin chorparáide, lena n-áirítear líon na n-éileamh agus an costas le himeacht na tréimhse 2011 agus 2015.

**20.17** I gcás na mblianta 2011 agus 2012, is í úsáid caillteanas tugtha anonn a bhí ina siocair leis na caiteachais ba mhó – beagnach €1.5 billiún i ngach ceann den dá bhliain. Don tréimhse 2013 go 2015, bhí liúntais chaipitil ina gcúis leis an gcatagóir creidmheasanna agus faoiseamh ba mhó a bhí ar fail i ngach bliain. Bhí liúntais caipitil taobh thiar de 54% de chostas foriomlán na gcreidmheasanna agus na bhfaoiseamh in 2015, .i. €5.8 billiún, agus bhí caillteanais tugtha anonn ina siocair le 25% de. Ba é an faoiseamh ó chánachas dúbailte an tríú costas ab airde in 2015, .i. €948 milliún.

**20.18** Mhéadaigh costas na liúntas caipitil ó €2.4 billiún in 2014 go dtí €5.8 billiún in 2015, rud arb ionann é agus méadú beagnach 150%. Tá an méadú sin ag teacht leis an méadú a tháinig ar stoc caipitil tháirgiúil in 2015. Níor mhéadaigh líon na n-éileamh a bhain le liúntais chaipitil ach 8%. Tháinig méadú suntasach freisin ar chostas an chreidmheasa cánach um thaighde agus forbairt ó €553 milliún in 2014 go dtí €708 milliún in 2015 (méadú 28%). Laghdaigh líon na n-éileamh a bhain leis an gcreidmheas cánach 2% le himeacht na tréimhse céanna.

**Fíor 20.7 Creidmheasanna agus faoisimh cánach corparáide de réir costais agus lín, 2011 go 2015**[a,b]




Foinse: Na Coimisinéirí Ioncaim

Nótaí:

a Tá na figiúirí ar fad bunaithe ar cháin dhlite de réir measúnuithe do gach bliain agus ní ar na fáltais ó cháin sa bhliain sin. Tagraíonn na costais luaite do na tréimhsí cuntasaíochta a tháinig chun deiridh sa bhliain léirithe.


b Is féidir le cáiníocóir éilimh a bheith aige i níos mó ná aon chatagóir amháin. Cuir i gcas, in 2015 bhí beagán ní ba mhó ná 94,000 éileamh aonair ann ar fhaoisimh agus creidmheasanna ach níor bhain siad ach le beagán ní ba mhó ná 65,000 éilitheoir.

c Cuimsítear in Eile ráta éifeachtach 10% do dhéantúsaíocht agus gníomhaíochtaí áirithe eile (in 2011 amháin), asbhaint do thuilleamh eachtrach, creidmheas eachtrach breise, faoiseamh ar thabhartais, faoiseamh scannánaíochta agus faoiseamh do ghnólachtaí nuathionscanta.

## Rátaí éifeachtacha na cánach corparáide

**20.19** Is féidir nach mbeidh an ráta éifeachtach cánach corparáide a íocann cuideachta mar an gcéanna leis an ráta reachtúil mar gheall ar na faoisimh is féidir leo a éileamh.[1] I dtuarascáil a chuir an Roinn Airgeadais i dtoll a chéile sa bhliain 2014 rinneadh sainaithint ar ocht gcur chuige i leith an ráta éifeachtach ar bhrabús cuideachta a ríomh.[2] Tá breac-chuntas tugtha i bhFíor 20.8 ar na cuir chuige éagsúla sin.

**Fíor 20.8 Rogha rátaí éifeachtacha cánach corparáide inchurtha i leith na hÉireann – arna sainaithint ag an Roinn Airgeadais**




Foinse: An Roinn Airgeadais

Nótaí:
- a Tá an figiúr seo roimh fhaoiseamh ó chánachas dúbailte a asbhaint i gcomhair cáin chorparáide a íocadh ar an ioncam sin i ndlínsí eile.
- b Tá brabús a thuilltear agus cánacha a íoctar taobh amuigh d'Éirinn curtha san áireamh sa chur chuige seo.
- c Úsáidtear sa chur chuige seo sonraí ó fhochuideachtaí atá faoi úinéireacht i Stáit Aontaithe Mheiriceá agus atá ionchorpraithe in Éirinn arna mbailiú ag Biúró na hAnailíse Eacnamaíche, ar gníomhaireacht fheidearálach um staitisticí eacnamaíocha é in SAM. Tá san áireamh sna sonraí a úsáidtear i gcás an chuir chuige seo sonraí airgeadais óna gcuid oibríochtaí i ngach áit, ní hamháin Éire. Ní gá go dtabharfadh sé léargas ar ghníomhaíochtaí oibriúcháin in Éirinn ná ar cháin chorparáide a íoctar in Éirinn dá bhrí sin.

1 Tá léirithe in Iarscríbhinn 20A cásanna samplacha den chaoi a bhféadfadh an ráta éifeachtach a bheith difriúil ón ráta cánach caighdeánach.

2 *Rátaí éifeachtacha na cánach corparáide in Éirinn: Páipéar Teicniúil*, Aibreán 2014, an Roinn Airgeadais.


**20.20** Fuarthas rátaí éifeachtacha measta idir 2.2% agus 15.5% nuair a úsáideadh na hocht gcur chuige a bhí á gcur faoi chaibidil ag an Roinn Airgeadais.[1] Cé go luaitear sa pháipéar nach ann d'aon chur chuige ar leith atá i bhfad Éireann níos fearr ná na cuir chuige eile, meastar go bhfuil dhá cheann de na cuir chuige níos oiriúnaí leis an ráta éifeachtach cánach corparáide a oibriú amach a ghearrtar ar na brabúis iomlána a bhfuil feidhm ag cáin na hÉireann orthu. Is iad sin

- An ráta cánach éifeachtach ar an 'nglanbharrachas oibriúcháin' (rogha 3) — is féidir an ráta cánach éifeachtach foriomlán a dhéanamh amach ach cánacha ar ioncam nó brabúis corparáidí a roinnt ar an nglanbharrachas oibriúcháin, an dá cheann acu faighte ó na cuntais náisiúnta
- An 'cháin dhlite' mar chion den ioncam incháinithe (rogha 5) — faightear na figiúirí seo ó Staitisticí Dáileacháin Cánach Corparáide na gCoimisinéirí Ioncaim.

### *Comparáid idirnáisiúnta*

**20.21** Nuair a chuirtear na rátaí cánach corparáide atá ag tíortha éagsúla i gcomparáid lena chéile, is fearr ar fad an ráta cánach éifeachtach a úsáid ná an ráta reachtúil, de bharr go léiríonn sé an méid cánach a íocadh i ndáiríre. I bhFíor 20.9 tá an ráta reachtúil cánach corparáide agus an ráta éifeachtach curtha i gcomparáid lena chéile le haghaidh na dtíortha de chuid an ECFE in 2015. Tá cur chuige na samhailchuideachta (rogha 2) úsáidte leis an ráta cánach éifeachtach ar bhrabúis a mheas.[2]

**Fíor 20.9 Comparáid idirnáisiúnta idir rátaí reachtúla cánacha corparáide agus rátaí éifeachtacha cánach corparáide, i gcás thíortha an ECFE do 2015**




Foinse: Rátaí reachtúla cánach corparáide do 2015 arna bhfoinsiú ón ECFE. Rátaí éifeachtacha cánach corparáide arna bhfoinsiú ó *Paying Taxes 2017*, PwC agus Grúpa an Bhainc Dhomhanda.

Nótaí:

a Úsáideadh ráta cánach ioncaim corparáide an rialtais láir ach amháin i gcás na dtíortha seo a leanas: an Bheilg, Ceanada, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Iodáil, an tSeapáin, an Chóiré, Lucsamburg, an Phortaingéil, an Eilvéis agus na Stáit Aontaithe, áit ar úsáideadh an comhráta cánach ioncaim corparáide. Tá ráta cánach ioncaim corparáide an fhorialtais láir san áireamh sa ráta seo.

b Úsáidtear *cuideachta chás-staidéir* sa tuarascáil *Paying Taxes 2017* leis na cánacha a íocann cuideachta mheánmhéide a mheas. Tá an cás-staidéar bunaithe ar shraith chaighdeánaithe ráiteas airgeadais agus tá gach mír sna ráitis airgeadais ríofa mar iolra seasta an ollioncaim náisiúnta per capita le haghaidh gach cuideachta. Úsáidtear gnáth-thoimhdí eile, leis. Baineann na sonraí le 2015. Is éard atá sa ráta cánach iomlán ná iomlán na gcánacha uile a iompraíodh mar chéatadán den bhrabús tráchtála.

c Ba é 33.33% an ráta cánach corparáide reachtúla sa Fhrainc in 2015. Ríomh an ECFE ráta 38% le forchánacha sealadacha a chur san áireamh ab infheidhme do chuideachtaí móra agus do chuideachtaí a raibh a láimhdeachas ní b'airde ná tairseach áirithe.

d Ba é 21% an ráta cánach corparáide reachtúla sa Phortaingéil in 2015. Ríomh an ECFE ráta 29.5% le forcháin ar bhrabúis incháinithe os cionn tairseach áirithe a chur san áireamh.

1 Féadann rátaí éifeachtacha a bheith níos airde nó níos ísle ná an gnáthráta reachtúil 12.5%. Gearrtar ráta cánach 12.5% ar bhrabúis trádála. Is iondúil gur ioncam éighníomhach a ngearrtar cáin air ar an ráta 25% is cúis le ráta éifeachtach níos airde ná 12.5%. Ina theannta sin, cuirtear na brabúis a thuilltear i ndlínsí eile, áit a bhféadfadh rátaí corparáide ní b'airde a bheith i réim, san áireamh i gcás roinnt de na cuir chuige.

2 *Paying Taxes 2017*, PwC agus Grúpa an Bhainc Dhomhanda.


**20.22** In 2015, bhí an ráta reachtúil cánach corparáide ab ísle ag Éirinn i measc na dtíortha uile den ECFE.[1] Bunaithe ar thuarascáil PwC/an Bhainc Dhomhanda, measadh gurbh é 12.4% an ráta éifeachtach cánach corparáide in Éirinn, nó 0.1% faoi bhun an ráta reachtúil. Bhí an ráta éifeachtach cánach corparáide ní b'ísle in 12 thír den ECFE; bhí an ráta céanna ag ceann amháin de na tíortha; agus bhí ráta ní b'airde ag 21 tír.

**20.23** In 2015, bhí an ráta reachtúil cánach corparáide ab airde san ECFE ag na Stáit Aontaithe, .i. 39%, chomh maith leis an dara ráta éifeachtach ab airde, .i. 28.1%. Bhí an dara ráta reachtúil ab airde ag an bhFrainc, .i. 38%, ach an ráta éifeachtach ab ísle, .i. 0.4%. Thuairiscigh an ECFE gurbh é 4.6% an ráta cánach corparáide mar chéatadán d'iomlán na gcánacha sa Fhrainc in 2015.

### *Anailís earnála ar an ráta cánach éifeachtach*

**20.24** Déanann na Coimisinéirí Ioncaim an ráta cánach éifeachtach a ríomh leis an gcur chuige 'cáin dhlite mar chion d'ioncam incháinithe', mar atá leagtha amach i bhFíor 20.8 — rogha uimhir a 5. Tá leagtha amach i bhFíor 20.10 an ráta cánach éifeachtach de réir cód NACE in 2015.

**Fíor 20.10 Ráta cánach corparáide de réir cód NACE, 2015**




Foinse: Na Coimisinéirí Ioncaim

Nóta: a I measc na ngníomhaíochtaí agus na n-earnálacha eile atá ann tá oideachas; sláinte dhaonna agus gníomhaíochtaí oibre sóisialta; ealaíona, siamsaíocht agus áineas; gníomhaíochtaí teaghlach mar fhostóirí pearsanra intíre; seirbhísí agus gníomhaíochtaí eile; agus earnálacha anaithnide. Tá sé taobh thiar de 1.4% den ioncam incháinithe.

1 Bunaithe ar na comhrátaí cánach corparáide ó staitisticí ioncaim an ECFE, 2015.

**20.25** Ba é 9.8% an ráta cánach éifeachtach i gcomhair na n-earnálacha uile in 2015. Bhí an ráta idir 6.4% i gcás earnáil na ngníomhaíochtaí gairmiúla, eolaíocha agus teicniúla agus 17.6% i gcás earnáil na mianadóireachta agus na cairéalachta.

### *Rátaí éifeachtacha cánach corparáide na 100 cuideachta is mó*

**20.26** Le sainaithint a dhéanamh ar na rátaí éifeachtacha cánach corparáide do na 100 cuideachta is mó, ní mór modh rangaithe a roghnú ina leith. Is ann do dhá phríomhchur chuige i leith a rangaithe.


- Cáin dhlite — Déantar an cháin dhlite amach de réir na mbrabús incháinithe a shonraítear i dtuairisceáin cánach corparáide, a chomhdaítear trí thagairt do thréimhsí cuntasaíochta. Is iondúil go bhfaightear ráta éifeachtach cánach níos airde nuair a rangaítear na 100 cuideachta is mó de réir cáin dhlite de bharr go gcuirtear na cuideachtaí siúd a bhfuil na dliteanais chánach is airde acu san áireamh sa ghnáthchúrsa.
- Ioncam incháinithe — Déantar na cuideachtaí a bhfuil an t-ioncam incháinithe is airde acu i mbliain ar leith a aibhsiú nuair a rangaítear na cuideachtaí ar an gcaoi seo, ach tá an baol ann nach bhfuil na dliteanais chomhfhreagracha cánach corparáide is airde acu, ag brath ar na creidmheasa agus ar na faoisimh chánach a éilítear.

**20.27** Forluíonn na grúpaí ar a chéile. In 2015, bhí 83 cáiníocóir i measc na 100 cáiníocóir ba mhó i leith an mhodha ‘cáin dhlite’ agus an mhodha ‘cáin incháinithe’ araon. Ba é 12.4% an meánráta cánach éifeachtach i measc na 100 cuideachta ba mhó in 2015 de réir an mhodha ‘cáin dhlite’. Nuair a rangaítear cuideachtaí ar bhonn an ioncaim incháinithe, áfach, faightear ráta cánach éifeachtach 9.3%.

**20.28** Tá curtha i láthair i bhFíor 20.11 an meánráta éifeachtach cánach corparáide do na 100 cáiníocóir ba mhó in 2015, agus iad rangaithe de réir an mhodha ‘ioncam incháinithe’ agus an mhodha ‘cáin dhlite’. Tá na cáiníocóirí curtha ina ngrúpaí deichniúir leis na difríochtaí a léiriú a tharlaíonn nuair a rangaítear cuideachtaí de réir an mhodha ‘ioncam incháinithe’. Cé gur beag an difríocht atá sa mheánráta éifeachtach idir na bannaí nuair atá na cuideachtaí rangaithe ar bhonn na cánach dlite, is mór an difríocht atá ann nuair atá cuideachtaí rangaithe ar bhonn an ioncaim incháinithe.

## *Na 100 íocóir cánach corparáide de réir cáin dhlite agus ioncam incháinithe — 2015*

**Fíor 20.11 Na 100 íocóir cánach corparáide is mó — an meánráta éifeachtach cánach corparáide in 2015 [a]**




Foinse: Na Coimisinéirí Ioncaim, le hanailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.


Nótaí:
a Tá 83 cáiníocóir i measc na 100 cáiníocóir is mó in 2015 i leith an mhodha ‘cáin dhlite’ agus an mhodha ‘cáin incháinithe’ araon.

b Táimid tar éis cáiníocóir amháin a chur as an áireamh san fhothacar seo de bharr gur bhain an chuid ba mhó den cháin dhlite le cáin shiarchoinneálach faoi S.239 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997. Murach an cháin shiarchoinneálach a bhí rangaithe mar cháin dhlite, ní bheadh an cáiníocóir i measc na 100 cáiníocóir ba mhó de réir cáin dhlite in 2015.

**20.29** Fiú nuair a dhéantar na 100 cuideachta is mó a rangú de réir ioncam incháinithe, ceileann an meánráta cánach éifeachtach difríochtaí suntasacha. Mar atá léirithe i bhFíor 20.12, bhí ráta éifeachtach ní ba lú ná 1% ag 13 cinn de na 100 cuideachta ba mhó. Bhí ráta cánach éifeachtach ní ba mhó ná 10% ag 79 cuideachta, agus bhí ráta cánach éifeachtach ní ba mhó ná 12% ag beagnach dhá trian acu.[1]

1 Maidir leis na 13 cháiníocóir a raibh a ráta éifeachtach ní ba lú ná 1% in 2015, bhain siad leas as an bhfaoiseamh ó chánachas dúbailte, nó as an gcreidmheas cánach um thaighde agus forbairt, nó as an dá cheanna acu le cáin chorparáide na hÉireann a fhritháireamh. Bhain na 43 cáiníocóir eile a raibh a ráta éifeachtach ní ba lú ná 12.5% leas as faoisimh éagsúla eile chomh maith.

**Fíor 20.12 Ráta éifeachtach cánach corparáide na 100 cáiníocóirí is mó — 2015**




Foinse: Na Coimisinéirí Ioncaim, le hanailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nótaí: a Na 100 íocóir cánach corparáide is mó rangaithe de réir ioncam incháinithe do 2015.

b Tá san áireamh sa chatagóir 'ráta cánach éifeachtach nialasach' cásanna a raibh feidhm ag rátaí cánach éifeachtacha diúltacha orthu.

## Conclúidí

**20.30** Athraíonn na fáltais ón gcáin chorparáide go suntasach ó bhliain go bliain agus bíonn sé deacair iad a réamhaisnéisiú. Gan trácht ar na treochtaí geilleagracha, cuireann dlús na bhfáltas i measc cáiníocóirí isteach ar ullmhú réamhaisnéisí cruinne chomh maith.

**20.31** Baineann na fáltais ón gcáin chorparáide le líon beag earnálacha agus le líon beag cáiníocóirí. Tá trí earnáil den gheilleagar taobh thiar de thart ar 70% d'iomlán na bhfáltas ón gcáin chorparáide — gníomhaíochtaí airgeadais agus árachais; déantúsaíocht (lena n-áirítear déantúsaíocht chógaisíochta); agus faisnéis agus cumarsáid. I gcás na bliana 2016, d'íoc an 10 cáiníocóirí ba mhó 37% de na fáltais ón gcáin chorparáide agus d'íoc na 100 cáiníocóir ba mhó 70%.

### *An ráta éifeachtach cánach corparáide*

**20.32** Cuireann rátaí éifeachtacha cánach corparáide ar ár gcumas comparáid a dhéanamh idir na rátaí éagsúla atá i réim i dtíortha éagsúla. Cé go bhfuil an ráta cánach corparáide is ísle i measc thíortha an ECFE ag Éirinn, léirigh staidéar a rinne PwC agus an Banc Domhanda go raibh ráta éifeachtach cánach corparáide ní b'ísle ná Éire ag 12 thír den ECFE.

**20.33** Cuireann an ráta éifeachtach cánach corparáide ar ár gcumas cuideachtaí in Éirinn a chur i gcomparáid lena chéile chomh maith. In 2015, bhí meánráta éifeachtach cánach corparáide na 100 cuideachta ba mhó (9.3%), arna rangú de réir ioncam incháinithe, ní b'ísle ná an ráta a bhain leis na cuideachtaí uile (9.8%). Ceileann sé sin difríochtaí suntasacha i measc na 100 cuideachta is mó. Cé go raibh ráta éifeachtach cánach corparáide idir 10% agus 15% ag 79 ceann de na 100 cuideachta ba mhó, bhí ráta éifeachtach ní ba lú ná 1% ag 13 cinn. Léiríonn sé sin go mbaintear úsáid fhorleathan as creidmheasa agus faoisimh cánach nach beag, go háirithe an faoiseamh ó chánachas dúbailte agus an creidmheas cánach um thaighde agus forbairt.

# Iarscríbhinn 20A

## Fíor 20A.1 Léiriú ar an tionchar a imríonn faoisimh agus creidmheasanna ar an ráta éifeachtach cánach a íoctar

Tá léirithe sa tábla thíos cén chaoi a bhféadann dálaí difriúla dul i bhfeidhm ar an ráta cánach éifeachtach do chuideachta.

- Cuideachta shamplach is ea Cuideachta A, a íocann ráta éifeachtach arb ionann é agus an ráta reachtúil 12.5%.
- Cuideachta nuathionscanta is ea Cuideachta B, a bhfuil baint aici le hobair taighde agus forbartha. Tagann roinnt faoisimh chánach agus creidmheasanna cánach le chéile le dliteanas cánach na cuideachta a laghdú, rud ar dá bharr a n-athraíonn an ráta éifeachtach cánach corparáide go 5.8%. Tá sé sin 6.7 pointe céatadáin níos ísle ná an ráta reachtúil 12.5%.
- Tá €50,000 d’ioncam cíosa ag Cuideachta C, de bhreis ar ioncam trádála. Gearrtar cáin ar ioncam neamhthrádála ar ráta 25% agus, nuair a cuirtear caillteanais thrádála thugtha anonn san áireamh, is é 17.1% an ráta cánach éifeachtach don chuideachta.

**Sampla: An tionchar a imríonn faoisimh agus creidmheasanna ar an ráta éifeachtach cánach a íoctar**

| | Cuideachta A | Cuideachta B | Cuideachta C |
|---|---|---|---|
| Ioncam ó dhíolacháin (gníomhaíocht trádála) | 300,000 | 300,000 | 250,000 |
| ***Lúide*** | | | |
| Tuarastail agus pá | 90,000 | 60,000 | 100,000 |
| Ábhair | 50,000 | 60,000 | 40,000 |
| Caiteachas ar thaighde agus forbairt | — | 20,000 | — |
| Liúntais chaipitil do ghléasra agus innealra[a] | — | 6,250 | — |
| **Ioncam trádála** | **160,000** | **153,750** | **110,000** |
| ***Lúide*** | | | |
| Caillteanais trádála tugtha anonn ó bhlianta roimhe[b] | — | 4,000 | 25,000 |
| **Ioncam trádála inchánach** | **160,000** | **149,750** | **85,000** |
| Ioncam cíosa (gníomhaíocht neamhthrádála) | — | — | 50,000 |
| **Iomlán an ioncaim inchánaigh** | **160,000** | **149,750** | **135,000** |
| Cáin iníoctha[c] | | | |
| ag 12.5% | 20,000 | 18,719 | 10,625 |
| ag 25% | — | — | 12,500 |
| Faoiseamh do Ghnólachtaí Nuathionscanta[d] | — | (5,000) | — |
| An Creidmheas Cánach um Thaighde agus Forbairt[e] | — | (5,000) | — |
| Cáin dhlite | 20,000 | 8,719 | 23,125 |
| **Ráta cánach éifeachtach (cáin dhlite/ioncam incháinithe)** | **12.5%** | **5.8%** | **17.1%** |

Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nótaí:
- a Ríomhtar liúntais chaipitil i leith caitheamh agus cuimilt gléasra agus innealra trí thagairt do chostas na sócmhainní agus is ceadmhach caiteachas inlamhála a dhíscríobh le himeacht 8 bliana (12.5% sa bhliain).
- b Ní féidir caillteanais thrádála thugtha anonn a chur ach in aghaidh ioncaim ón dtrádáil chéanna i dtréimhse chuntasaíochta/dtréimhsí cuntasaíochta dá éis sin.
- c Gearrtar an cháin chorparáide ar ráta 12.5% ar ioncam trádála agus ar ráta 25% ar ioncam neamhthrádála, amhail ioncam infheistíochta agus ioncam cíosa.
- d Tá faoiseamh cánach ar fáil do chuideachtaí nuathionscanta atá ag tosú ar thrádáil nua. Tá an faoiseamh bunaithe ar ranníocaíochtaí ÁSPC an fhostóra agus ní féidir níos mó ná €5,000 a éileamh in aghaidh an fhostaí, suas le €40,000, in aon tréimhse amháin. Tá faoiseamh imeallach ar fáil freisin.
- e Déantar an creidmheas cánach um thaighde agus forbairt a ríomh ag 25% den chaiteachas cáilitheach.